**CINNEADH (AE) 2020/1831. ÓN GCOMHAIRLE**

**an 30 Samhain 2020**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh den Chomhairle Chomhpháirteach a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit atá in SADC EPA, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le cainníochtaí tagartha áirithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú sin a choigeartú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas agus a Bhallstáit an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit atá in SADC EPA, den pháirt eile ([1]) ("an Comhaontú"), an 10 Meitheamh 2016.

(2) Agus iad ag feitheamh lena theacht i bhfeidhm, tá an Comhaontú á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht Bhotsuáine, Ríocht Leosóta, Poblacht na Namaibe, Poblacht na hAfraice Theas agus Ríocht na Suasalainne mar a bhí, arb í Ríocht Eswatini anois, den pháirt eile, ón 10 Deireadh Fómhair 2016, agus idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht Mósaimbíc, den pháirt eile, ón 4 Feabhra 2018.

(3) De bhun Airteagal 102(1) den Chomhaontú, tá an chumhacht ag Comhairle Chomhpháirteach Stáit SADC EPA - AE ("an Chomhairle Chomhpháirteach") cinntí a dhéanamh i dtaca leis na hábhair uile a chumhdaítear leis an gComhaontú.

(4) Le hAirteagal 35 den Chomhaontú foráiltear don fhéidearthacht go gcuirfidh Aontas Custaim Dheisceart na hAfraice ("SACU") beart coimirce i bhfeidhm i bhfoirm dleacht allmhairiúcháin más rud é, go dtéann, le linn aon tréimhse 12 mhí, méid na n-allmhairí de tháirge talmhaíochta isteach in Aontas Custaim Dheisceart na hAfraice atá liostaithe in Iarscríbhinn IV den Chomhaontú agus ar de thionscnamh an Aontais é, thar an gcainníocht tagartha a léirítear le haghaidh an táirge sin san Iarscríbhinn sin.

(5) Déantar foráil i bhfonóta 1 a ghabhann le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú go ndéanfar na cainníochtaí tagartha le haghaidh na línte taraife a léirítear le réiltín a choigeartú go comhréireach, más rud é go bhfuil dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe ann tar éis 2015.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhairle Chomhpháirteach a bhunú, ós rud é go mbeidh an cinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach maidir le cainníochtaí tagartha áirithe a choigeartú a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Chomhpháirteach Stáit SADC EPA - AE ("an Chomhairle Chomhpháirteach") a bunaíodh leis gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na Stáit atá in SADC EPA, den pháirt eile ("an Comhaontú"), a mhéid a bhaineann le cainníochtaí tagartha áirithe de na táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú agus a léirítear le réiltín, chun críocha Airteagal 35 den Chomhaontú, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh comhfhreagrach ón gComhairle Chomhpháirteach ([2]).

([1]) IO L 250, 16.9.2016, lch. 3.
([2]) Féach doiciméad ST 12376/20 ag http://register.consilium.europa.eu.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Samhain 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH